2025/2080

14.10.2025

CINNEADH (CBES) 2025/2080 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Cinneadh 2010/638/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Ghuine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Deireadh Fómhair 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/638/CBES [1].

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2010/638/CBES, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha a leagtar amach ann go dtí an 27 Deireadh Fómhair 2026.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/638/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 8(2) de Chinneadh 2010/638/CBES, cuirtear an dáta ‘an 27 Deireadh Fómhair 2026’ in ionad ‘an 27 Deireadh Fómhair 2025’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 13 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

P. HUMMELGAARD

[1] Cinneadh 2010/638/CBES ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Ghuine (IO L 280, 26.10.2010, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/638/oj).